Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**13082/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0256 (NLE)**

**POLCOM 316**
**FDI 40**
**SERVICES 48**
**COLAC 106**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 462 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an gComhaontú lena nÉascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Eacuadór a shíniú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 462 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 462 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.9.2026
COM(2026) 462 final

2026/0256 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an gComhaontú lena nÉascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Eacuadór a shíniú

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An 29 Iúil 2025, ghlac an Coimisiún Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle[1] lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh Comhaontú lena nÉascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe le hEacuadór (dá ngairtear 'CÉII' nó 'an Comhaontú'). An 20 Deireadh Fómhair 2025, d'údaraigh Comhairle an Aontais Eorpaigh tús a chur leis an gcaibidlíocht agus ghlac sí treoracha caibidlíochta[2]. Tugadh an chaibidlíocht le haghaidh CÉII i gcrích an 23 Eanáir 2026.

Is é is aidhm don Chomhaontú sin feabhas a chur ar thimpeallacht infheistíochta Eacuadór trí ghealltanais maidir le héascú infheistíochtaí, amhail trédhearcacht agus intuarthacht a mhéadú le haghaidh dlíthe agus rialacháin a bhaineann le hinfheistíocht, nósanna imeachta údarúcháin infheistíochta a shimpliú, agus feabhas a chur ar idirphlé príobháideach-poiblí trí phointí fócasacha infheisteoirí agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara. Is é an cuspóir deiridh timpeallacht infheistíochta níos trédhearcaí, níos éifeachtúla agus níos intuartha a chothú, agus dá bhrí sin, tacú le hEacuadór infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh, agus caighdeáin a bhaineann leis an gcomhshaol, cearta oibrithe agus an aeráid á gcaomhnú. Tríd an méid sin a dhéanamh, cuirtear forbairt inbhuanaithe, fás eacnamaíoch agus cruthú post chun cinn leis an gComhaontú sin.

Is é atá sa togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo an ionstraim dlí lena n-údaraítear síniú an Chomhaontaithe.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá cuspóirí an Chomhaontaithe sin comhsheasmhach leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE), lena bhforáiltear gur cheart don Aontas *'lánpháirtiú na dtíortha uile sa gheilleagar domhanda a chothú, lena n-áirítear trí shrianta ar an trádáil idirnáisiúnta a dhíothú de réir a chéile.'*[3]

Cuireann an Comhaontú sin leis an gComhaontú Trádála Ilpháirtí idir an tAontas agus tíortha na nAindéas, a bhfuil Eacuadór ina Pháirtí ann, agus comhlánaíonn sé é. Cuimsítear sa Chomhaontú Trádála Ilpháirtí forálacha maidir le seirbhísí agus infheistíocht, lena n-áirítear ceangaltais maidir le rochtain ar an margadh agus cóireáil náisiúnta le haghaidh infheisteoirí de chuid an Aontais. Is éard atá sa Chomhaontú seo deis an caidreamh infheistíochta idir an tAontas agus Eacuadór a dhoimhniú, agus tacú le hinfheisteoirí de chuid an Aontais leas breise a bhaint as na deiseanna a chruthaítear leis an gComhaontú Trádála Ilpháirtí trí fheabhas a chur ar an gcreat rialála agus ar na nósanna imeachta le haghaidh infheistíochtaí.

Tá an CÉII go hiomlán comhsheasmhach agus comhlántach leis an gComhaontú a bheidh ann amach anseo, is é sin an Comhaontú um Infheistíocht a Éascú chun Forbairt a Dhéanamh, a caibidlíodh laistigh den Eagraíocht Dhomhanda Trádála[4].

---

1 Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Eacuadór maidir le Comhaontú lena nÉascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe, COM(2025) 427 final.

2 Cinneadh (AE) 2025/2278 ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2025 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Eacuadór le haghaidh comhaontú lena n-éascaítear infheistíocht inbhuanaithe, IO L, 2025/2278, 7.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2278/oj.

3 Airteagal 21(2)(e) CAE.

4 https://www.wto.org/english/tratop_e/invfac_public_e/invfac_e.htm

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá na cuspóirí comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear beartas forbartha an Aontais.

Leis an gComhaontú sin, cuirtear dlús le cuspóirí Chompás Iomaíochais an 29 Eanáir 2025, inar luadh gur gá don Aontas *'bealaí nua a lorg chun comhpháirtíochtaí a dhoimhniú agus tairbhí a chruthú dár ngnólachtaí'*, lena n-áirítear trí CÉIInna[5]. Déantar obair leantach leis an gComhaontú freisin ar an Teachtaireacht maidir leis an athbhreithniú ar an Trádáil agus ar an bhForbairt Inbhuanaithe, 2022[6].

Tá an Comhaontú sin i gcomhréir leis an Teachtaireacht maidir le 'Clár Oibre Nua don Chaidreamh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib',[7] inar luadh '*go leanfaidh an tAontas de bheith ag obair le comhpháirtithe Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib chun cuidiú leis na dálaí a chruthú le haghaidh infheistíocht inbhuanaithe, lena n-áirítear trí Global Gateway agus trí thacaíocht a thabhairt do chreataí dlíthiúla oscailte, cobhsaí agus intuartha, trí bhacainní idirdhealaitheacha a bhaint, agus trí éascú infheistíochta a chur chun feidhme.*'

Leis an gComhaontú sin, comhlánaítear clár oibre infheistíochta Global Gateway idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, trínar '*féidir leis an Aontas infheistíochtaí ardcháilíochta a ghiaráil chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar riachtanais bhonneagair Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib, tacú le caipiteal daonna a fhorbairt, lena n-áirítear cumhachtú daoine, go háirithe mná, an óige agus na daoine is leochailí, agus an timpeallacht cumasúcháin gnó agus rialála a neartú, d'fhonn breisluach áitiúil, fás agus poist ardcháilíochta a chruthú*.'[8]

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí substainteach**

Tagann CÉII faoin gComhbheartas Tráchtála agus, dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí substainteach.

- **Bunús dlí don nós imeachta**

Foráiltear le hAirteagal 218(5) CFAE go nglacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón idirbheartaí, i.e. an Coimisiún, cinneadh lena n-údarófar síniú an chomhaontaithe.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an Comhaontú lena nÉascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Eacuadór a shíniú, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí. Is é Airteagal 218(5) CFAE an bunús dlí nós imeachta atá leis an gcinneadh atá beartaithe síniú an chomhaontaithe atáthar ag brath a dhéanamh a údarú.

- **Inniúlacht an Aontais**

---

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach, COM(2025) 30 final.

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: 'Cumhacht na gcomhpháirtíochtaí trádála: le chéile ar mhaithe le fás eacnamaíoch atá glan agus cóir', COM(2022) 409 final.

7 Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Clár Oibre Nua don Chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, JOIN(2023) 17 final.

8 Ibid.

Cumhdaítear le CÉII éascú na hinfheistíochta dírí coigríche. Tagann tabhairt i gcrích comhaontuithe trádála a bhaineann le hinfheistíocht dhíreach choigríche faoin gComhbheartas Tráchtála faoi Airteagal 207 CFAE. Dá bhrí sin, tagann an Comhaontú faoi inniúlacht eisiach an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 3(1) CFAE.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach.

- **Comhréireacht**

Tá an Comhaontú seo i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ós rud é gurb é comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích an phríomhionstraim chun cearta agus oibleagáidí cómhalartacha a ghlacadh in éineacht le hábhar dlí náisiúnta, amhail tír eachtrach.

- **An rogha ionstraime**

Cuirtear an togra seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle isteach i gcomhréir le hAirteagal 218(5) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar an comhaontú a shíniú. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinne an Coimisiún comhairliúchán poiblí in 2021 mar chuid den mheastóireacht *ex post* ar an gComhaontú Trádála Ilpháirtí idir Comhphobal na nAindéas agus an tAontas, inar cuimsíodh tuairimí na bpáirtithe leasmhara maidir le hinfheistíocht sna tíortha a chumhdaítear, lena n-áirítear Eacuadór.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an togra seo ag brath ar shaineolas seachtrach a bhailítear i gcomhthéacs tionscadail arna chur i gcrích ag an mBanc Domhanda agus arna choimisiúnú ag an gCoimisiún Eorpach. Sainaithníodh go sonrach sa tuarascáil a chuir infheisteoirí[9] chun cinn, an easpa trédhearcachta agus intuarthachta agus iad ag plé le gníomhaireachtaí poiblí, athruithe tobanna ar na dlíthe agus ar na rialacháin, agus moilleanna ar cheadúnais agus ar dheimhnithe a fháil ón rialtas, ar tosca criticiúla iad a mbíonn tionchar acu ar chinntí infheistíochta infheisteoirí i dtíortha atá i mbun forbartha. Is iad sin na réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú.

---

[9] Féach an Banc Domhanda, *Retention and Expansion of Foreign Direct Investment, Political Risk and Policy Responses*, http://documents1.worldbank.org/curated/en/387801576142339003/pdf/Political-Risk-and-Policy-Responses.pdf

- **Measúnú tionchair**

Díríonn gealltanais CÉII maidir le hinfheistíocht a éascú ar phrionsabail dea-rialachais agus dea-chleachtais rialála a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear trédhearcacht, intuarthacht, agus éifeachtúlacht riaracháin, i gcreat infheistíochta tíre comhpháirtíochta (dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta infheistíochta). Tá tionchar na mbeart maidir le hinfheistíocht a éascú nasctha go mór le cur chun feidhme an Chomhaontaithe ag tír chomhpháirtíochta agus leis an bhfeabhas fadtéarmach ar a timpeallacht infheistíochta. Déantar difear don tionchar foriomlán freisin le hinfheistíochtaí aonair a d'fhéadfaí a mhealladh le creat infheistíochta feabhsaithe den sórt sin. Le CÉII, códaítear cleachtais atá seanbhunaithe cheana féin laistigh den Aontas.

Thairis sin, baineann an tionscnamh tairbhe as measúnuithe éagsúla atá ann cheana a rinneadh thar na blianta, lena n-áirítear Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta lenar cumhdaíodh trádáil idir an tAontas agus Comhphobal na nAindéas (2009), tuarascáil ina ndearnadh measúnú ar thionchar eacnamaíoch an Chomhaontaithe Trádála idir an tAontas Eorpach agus Eacuadór (2016), agus an tuarascáil mheastóireachta *ex post* ar an gComhaontú Trádála idir Comhphobal na nAindéas agus an tAontas (2021).

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Baineann an togra seo le glacadh cinnidh ag an gComhairle lena n-údarófar síniú CÉII le hEacuadór. Níl malartú sonraí, uathoibriú próiseas, úsáid córas digiteach ná soláthar seirbhísí poiblí i gceist leis an togra. Dá réir sin, níl feidhm ag an bprionsabal 'digiteach mar réamhshocrú' toisc nach dtugtar isteach leis ceanglais dhigiteacha shonracha.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an tionscnamh, tugtar lánurraim do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an gComhaontú seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuimsíonn an Comhaontú forálacha institiúideacha lena leagtar síos an struchtúr do na comhlachtaí cur chun feidhme chun faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme, ar a oibriú agus ar a thionchar.

Sa chaibidil institiúideach den Chomhaontú, bunaítear 'Coiste um Infheistíocht a Éascú' a bhfuil sé mar phríomhchúram air a áirithiú go n-oibríonn an Comhaontú go cuí éifeachtach. Chomh maith leis sin, bunaítear leis an gComhaontú Comhphlé leis an tSochaí Shibhialta a bheidh ar siúl go bliantúil i gcomhar le cruinniú den Choiste um Infheistíocht a Éascú.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is é cuspóir foriomlán an Chomhaontaithe seo éascú a dhéanamh ar infheistíocht idir an tAontas agus Eacuadór a mhealladh, a leathnú agus a choinneáil ar mhaithe le héagsúlú eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe.

Áirítear sa Chomhaontú trí chaibidil shubstainteacha maidir le hinfheistíocht a éascú:

- Trédhearcacht agus intuarthacht beart infheistíochta, mar shampla trí dhlíthe agus rialacháin infheistíochta a fhoilsiú ar líne, comhairliúcháin le páirtithe leasmhara maidir le dréachtbhearta, chomh maith le húsáid tairseacha faisnéise aonair d’infheisteoirí a chur chun cinn;
- Nósanna imeachta údaraithe a chuíchóiriú, lena n-áirítear trí dhea-chleachtais rialála, ceanglais níos soiléire, agus ríomhrialtas a chothú; agus
- Pointí fócasacha agus ról a thabhairt do pháirtithe leasmhara, go háirithe chun idirghníomhaíochtaí idir infheisteoirí, páirtithe leasmhara, agus an riarachán a éascú.

Leis an gComhaontú, treisítear freisin gné na forbartha inbhuanaithe sa chaidreamh infheistíochta idir an tAontas agus Eacuadór trí chaibidil maidir le hinfheistíocht agus forbairt inbhuanaithe. Áirítear sa chaibidil seo gealltanais gan dlíthe comhshaoil nó saothair a lagú d’fhonn infheistíocht a mhealladh, agus gan maolú ar na dlíthe sin, chomh maith le gealltanais chun comhaontuithe idirnáisiúnta saothair agus comhshaoil a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear Comhaontú Pháras. Faoin gComhaontú, tá ceangal ar na Páirtithe cleachtais ghnó fhreagracha a chur chun cinn i measc infheisteoirí agus neartaítear comhar déthaobhach maidir le gnéithe den infheistíocht, is iad sin gnéithe de na beartais i ndáil leis an athrú aeráide agus le comhionannas inscne.

Áirítear sa Chomhaontú freisin caibidil maidir le ‘seachaint agus réiteach díospóidí’, lena bhféachtar le comhar idir na Páirtithe agus réitigh arna gcomhaontú go frithpháirteach i gcás díospóidí a chur chun cinn, ach áirítear ann freisin an fhéidearthacht maidir le Réiteach Díospóidí idir Stáit mar rogha dheireanach.

Ar deireadh, áirítear sa Chomhaontú Iarscríbhinn maidir le Fuinneamh Inbhuanaithe agus Amhábhair, arb é is cuspóir di infheistíocht a éascú idir an tAontas agus Eacuadór sna hearnálacha sin d’fhonn tús áite a thabhairt don aistriú fuinnimh agus inbhuanaitheacht comhshaoil a fheabhsú.

Tríd is tríd, trí infheistíocht a éascú, d’fhéadfadh feabhsuithe ar thimpeallacht infheistíochta Eacuadór a bheith mar thoradh ar an gComhaontú, rud a rachaidh chun tairbhe do ghnólachtaí eachtracha agus intíre araon. Dá réir sin, spreagfar infheisteoirí eachtracha chun fanacht níos faide, rud a rannchuideoidh le geilleagar Eacuadór ar bhonn níos fadtéarmaí. Chomh maith le tacaíocht a thabhairt d’infheisteoirí atá ann cheana, tá sé mar aidhm ag an gComhaontú infheisteoirí nua a mhealladh go hEacuadór, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, ar fiontair iad a mbíonn tuilleadh deacrachtaí acu de ghnáth leis na nósanna imeachta fada doiléire casta a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh ar an gcoigríoch. Leis an gComhaontú, cuirtear deimhneacht dhlíthiúil chun cinn maidir le hinfheistíocht i ngach earnáil, agus meastar, dá bhrí sin, go rannchuideoidh sé le héagsúlú eacnamaíoch Eacuadór.

- **Síniú agus téacs an Chomhaontaithe**

Cuirtear téacs an Chomhaontaithe faoi bhráid na Comhairle in éineacht leis an togra seo.

I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé a áirithiú go síneofar an Comhaontú, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is déanaí.

2026/0256 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gComhaontú lena nÉascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Eacuadór a shíniú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Deireadh Fómhair 2025 d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Eacuadór maidir le comhaontú lena n-éascaítear infheistíocht inbhuanaithe. Rinne an Coimisiún an Comhaontú lena nÉascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe ('an Comhaontú') idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Eacuadór a chaibidliú.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear síniú an Chomhaontaithe lena nÉascaítear Infheistíocht Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Eacuadór, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin[10].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[10] Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.